An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
**SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉARACHTA, 2001**

An páipéar seo le tabhairt d'iarrthóirí ar an Déardaoin, 3 Bealtaine, 2001

EALAÍN

# GRÉASCHÓIRIÚ

ARDLEIBHÉAL

DÉARDAOIN, 10 BEALTAINE, MAIDIN 9.30 - 12.00

### Tá 100 marc ag dul don pháipéar seo

Léigh na treoracha seo a leanas agus déan iad a chomhlíonadh.

**(a)** Ceadaítear úsáid a bhaint as cibé ábhair ealaíne, ábhair dearraidh agus uirlisí is gá, de ghnáth leis an scrúdú a chomhlánú.

**(b)** Scríobh an t-eolas seo a leanas ar gach bileog líníochta

* D'uimhir scrúdaithe agus an leibhéal scrúdaithe atá á dhéanamh agat.
* Ainm do rogha dearadh molta.
* Uimhir na Ceiste a roghnaigh tú.

**(c)** Tabharfar clúdach Ealaíne (bán) duit ag deireadh an scrúdaithe ina gcuirfidh tú na nithe seo a leanas.

* Sceitsí ullmhúcháin, más ann dóibh. Is gá an bhileog seo a bheith sínithe agus dátaithe ag do Mhúinteoir Ealaíne/Phríomhoide.
* Réamhsceitse amháin, aitheanta.
* Dearadh Molta amháin.

(1) *Sceitse ullmhúcháin* ar thaobh amháin de leathanach A2 — 0 marc.
Déantar an sceitse seo sa tseachtain roimh an scrúdú agus ceadaítear duit é a bhreith isteach leat sa seomra scrúdaithe mar chabhair leis an gcuimhne. Is gá é seo a bheith sínithe agus dátaithe ag do Mhúinteoir Ealaíne/Phríomhoide mar chruthúnas gur leat féin amháin an obair. Is féidir samlpaí den gciall a bhaineann tusa as a gceist a roghnaigh tú, agus smaointe forbartha bunaithe ar a leithéid a bheith mar chuid den ábhair ullmhúcháin seo. Tá sé ceadaithe nótaí beaga míniúcháin a léiríonn cad as ar eascair na smaointe don dearadh a bheith mar chuid de na líníochtaí/sceitsí dearaidh.

(2) *Réamhsceitse* ar thaobh amháin de leathanach A2 — 20 marc.
Is gá an réamhsceitse a chur i gcrích i rith an tréimhse scrúdaithe. Is gá go mbeadh forbairt sa bhreis le feiceáil sa sceitse seo thar mar atá sa sceitse ullmhúcháin. Is gá go ndéanfaí gach gné den dearadh 2D nó 3D a mheas sa sceitse in oiriúint don dearadh a roghnaigh tú. Ní thabharfar marcanna ar bith do chóip díreach den sceitse ullmhúcháin

(3) An *Dearadh Deiridh* — 80 marc.
Déantar an Dearadh deiridh a chur i gcrích ar lá an scrúdaithe.

Iomlán marcanna 100

THALL →

# SLIOCHT TUAIRISCIÚIL INA BHFUIL POINTÍ TOSAITHE

Lá gruama Samhna tháinig Séamas, macléinn dearaidh, ar shean-irisleabhar gioblach i siopa mangarae. Bhí alt léirithe ann a rinne cur síos ar an saol a chaith milliúnaí corr a bhí mar phatrún ag na hosréalaithe agus a chaith an t-uafás airgid ón mbliain 1930 ar aghaidh ag cur malairt cló ar theach simplí Seoirseach. Cé gur feistíodh an teach le hearraí luachmhara agus ealaíonta bhí sé ar cheann de na tithe ab aistí sa tír ó thaobh maisiú de.

Thug an pátrún íontach ealaíne seo coimisiúin d'ealaíontóirí agus do dhearthóirí a raibh bua na samhlaíochta acu a theach tuaithe, Máinéar Bhaile an Aba (Abbottston Manor), a athrú ó ghnáth theach géar go teach a bheadh éalárnach agus uathúil i stair na 20ú haoise, ag péinteáil an taobh amuigh corcra nimhneach, an taobh istigh ina shraith de thablónna osréalacha agus callairí á chrochadh ó na simléir. Thaispeáin na griangrafanna tréigthe in irisleabhar Shéamais taobh istigh agus taobh amuigh an tí. Is cinnte go mbeadh sé amhail is dá mbeifeá i do chónaí go domhain i croílár péintéireacht osréalach. Bhí Séamas faoi dhraíocht ag an úsáid a baineadh as íomhánna brionglóideacha agus an greann radharcach a bhí mar chuid den stíl Osréalach i gcomhthéacs neamhdhealraitheach dá leithéid - sean-theach i bhfolach i dtírdhreach álainn. 'Sna seachtainí tar éis dó eolas a chur ar an Mainéar léigh sé an oiread is a d'fhéadfadh sé faoi agus faoi té a chruthaigh é. Bhí sé faoi mar a bheadh doras ag oscailt isteach i ndomhan a bhí dearmadta, ré órga a bhí imithe ó chuimhne, mar a raibh fantaise agus samhlaíocht i mbarr a réime.

Níos déanaí chruthaigh an úinéir FANTAISE AILTIREACHTA eile - pálás coincréit threisithe ollmhór i ndufair Mheicsiceo. Fágadh Abbottston folamh ansin, gan éinne ina chónaí ann, dearmadta. Le gairid fágadh an teach a bhí cáiliúil uair, le hoidhreacht ag a chlann clainne - Antaine, Máire agus Rúairí, atá 'sna déaga deiridh agus 'sna ficheadaí, agus ritheann siad é anois mar MHÚSAEM EALAÍNE AGUS DEARAIDH ÓSRÉALAÍ, é oscailte ag an bpobal. Tá curtha acu leis an bhfeistiú agus leis na gáirdíní ar an stíl osréalach chéanna a bhí ag a seanathair. Glacann cóiriú, cothú agus caomhnú an tí seo an-chuid ama agus eagrúchána. Oibríonn an triúir oidhre go dian iad féin nó déanann siad feitheoireacht ar obair na fóirne agus na ceardaithe.

Tá Antaine gafa isteach go dtí an siopa sa sráidbhaile inniu. Tá Rúirí thíos sa ghairdín. Tar éis dó magairlíní éagoitianta agus cactasa aisteacha a chur faoi scrúdú, tosaíonn sé ar an bhféar ar an bhfaiche leadóige a lomadh, mar a seasann dhá dhealbh taobh leis an eangach faoi mar a bheadh réiteoirí. Tá an faiche timplithe ag claí tópaire de chinn daonna i bpróifíl, iad aghaidh ar a chéile faoi mar a bhéidís go hanamúil i mbun cómhrá. Tá geata d'iarann buailte múnlaithe ó litreacha den aibítir, gach litir i stíl éagsúil cló. Tá coilm bhána foirfe, snoíte as marmar, leagtha amach thart timpeall ar imeall an fhuaráin. Cheapfá go raibh na dealbha seo réalaíoch nó go dtuirlingíonn colúir rásaíochta tanaí agus *wood-quest* ramhara anuas ar imeall an fhuaráin i mbrothall an mheán lae, rud a thugann le fios gur saothair ealaíne na dealbha seo de na coilm agus ní fíor cinn ar chor ar bith. Tá gramafón den tsean-stíl, leath faoi cheilt sa cheapach bláth, a chalaire atá ar chruth trúmpa péinteáilte gorm, ar an rud is osréalaí ar fad.

Thuas sa teach tá Máire tar éis a bheith ag caint leis na glantóirí, Gretta agus Cáit. Breathnaíonn Gretta agus Cáit as áit ar fad ina gcuid gnáthéadaí agus aprúin ildaite, iad ag folúsghlanadh, ag fáisce a gcuid mapaí i mbuicéadaí plaisteacha agus ag spraeáil snasán as aerchannaí. Tá iarrtha ag Máire orthu teallach atá i bhfoirm fathaigh nó arrachta béal oscailte a ghlanadh amach. Tá cuma ar Ghretta agus ar Cháit go bhfuil siad an-bheag i gcomparáid leis an mbéal ollmhór, gialla oscailte, agus súile ag gobadh amach as ceann an arrachta, a snoíadh i rilíf ard leis an teallach a thimpliú. Glanann Gretta amach an luaithreach agus déanann Cáit an folúsghlanadh go gnóthach; déanann siad an áit a shainmhíniú go radharcach agus cuireann siad in iúl go soiléir an nóiméad ina dtagann normáltacht agus fantaise salach ar a chéile, agus iad ag obair leo go tapaidh agus ag clabaireacht go cáirdiúil. Tá siad gafa i dtaithí chomh mór sin ar an bhfeistiú cháiliúil osréalach seo atá ina dtimpeall go bhfuil siad dall ar fad ar an éagoitiantacht seo a chuireann na cuairteoirí a thagann go laethúil i rith an tSamhraidh faoi dhraíocht ar fad.

Tá Máire sa halla tosaigh ag ullmhú le turas faoi stiúir a thabhairt. Tá grúpa mór d'Iodáiligh, de Sheapánaigh agus do Mheiriceánaigh le teacht go luath. Is féidir leí a fheiscint trí fhuinneog bheag chruinn go bhfuil an bus turasaíochta tagtha agus go bhfuil an clós tosaigh lán de dhaoine ag glacadh grianghrafanna. Tá Séamas, an macléann dearaidh i measc an tslua seo de stílithe faisean Iodálacha, de thionsclaíthe Seapánacha agus de scoláirí Meiriceánacha. Cuireadh a bhrionglóid i gcrích. Tá sé anseo faoi dheireadh, ag tabhairt cuairt ar an scrín seo don Osréalachas. Ní fada go bhfuil siad ar fad ag leanúint Mháire agus í á dtaispeáint thart timpeall. Tá taithneamh á bhaint ag Séamas as an turas. Tá sé tugtha faoi ndeara aige go bhfuil go leoir de na seomraí maisithe faoi mar a bheadh feisteas stáite do dhrámaí atá thart le tamall nó dráma do charactair taibhseacha andúchasacha nach bhfuil scríofa fós; gadaí bóthair, ceannasaí airm, taiscealaí arctach, grianghrafadóir sóisialta/faiseanta, suiríoch aislingeacht, réiltín atá an-tugtha do sheoda. Déantar neamhaird iomlán den tslí ina mbeifí ag súil de ghnáth go mbeadh na seomraí. Tá barraí ar na fuinneoga i seomra suite atá sómasach go maith agus téann tú isteach is amach as an seomra trí gheataí treisithe, a choinnigh priosúnaithe meánaoiseacha tráth i ngéibheann i dtúr ard nó i ndoinsiún gan solas. Tá seomra codlata amháin deartha cosúil le pobal comhraic, an síleáil clúdaithe le scáthbhrait, an soilsiú faoi mar a bheadh lampaí ola, an leaba iniompraithe. Ar an mballa atá clúdaithe le héadach tá radharcphictiúr de mhacaire catha, na línte cosanta tarraingthe i ndath.

Taithníonn an seomra ceoil go speisialta le Séamas, seomra a úsáideadh go minic 'sna tríochadaí do cheolchoimeacha agus do chóisirí clúiteacha. Tá tolg ollmhór ann, cumhdaithe i bhfabraic ar a bhfuil patrún craiceann séabra. Tá páipéar balla le spotaí liopaird mar chlúdach ar an mballa. Tá adhartáin bróidnéirithe le leoin agus le tíogair atá ag búiríl, agus táipéis fíodóireachta bunaithe ar shealgairí safaraí. Tá sleánna, airm, sciath chosanta agus deilbh feitis ón Afraic iarghúlta. Tá lampaí arda i bhfoirm crainn pailme ag dhá cheann an toilg. Tá cláirseach óir leagtha os cómhair scátháin anchumtha, ina ndéantar scáth na cláirsí a fhadú agus a chuireann cuma an-ait agus cam uirthi. Tá mórphianó ina sheasamh ar ruga mór atá maisithe le móitífeanna cheoil. Tá ardán duán chruthach sa chúinne agus míocrafón den tsean- stíl atá ceangailte le sreang le calairí atá suite i mbéil mascanna ollmhóra clasaiceacha Tragóid agus Coiméide atá déanta as plástar. Tá liathróid scáthánach crochta ón síleáil agus tá cuirtín veilbhit ag leath cheilt an ardáin, rud a chuireann cuma dhrámatúil ar an seomra. As áit ar fad i measc na healaíne Afracaigh agus na hearraí cuimhneacháin ó ré an snagcheoil tá péintéireacht bheag de Naomh Cecilia, naomphátrún an cheoil. Cailín bánghnéitheach, mílítheach, le gruaig fhionnórga, atá péinteáilte sa phictiú. Tá coilm ar a lámh aici, a gúna bróidnéirithe le

fidleacha, trumpaí agus nótaí ceoil gorm éadrom agus sean-órga. Ar an mbord taobhach tá veidhlín ag roinnt spáis le druma Afracach, tambóirín agus trúmpa airgid. Lastuas tá an síleáil maisithe le stucó Seoirseach bunúil.

Leanann an turas ar aghaidh isteach i seomra eile, an seomra codlata sliogánach. Tá sliogáin, uisce agus éisc mar phríomh íomhánna sa seomra seo. Tá scáthán timplithe le doráidí snoite. Tá pátrún de chnámha éisc loma ar an bpáipéar balla, na cinn agus na heireabail fós greamaithe dóibh. Tá duáin mar phatrún ar an gcairpéad; cuid acu mór agus dealgach, cinn eile le cleití don fhlaidireacht, chomh maith le baoití neon-soilseach agus spinéir. Tá an síleáil clúdaithe le heangach mhín ghorm iascaireachta ar a bhfuil éisc plaisteacha agus crosóga mhara ceangailte. Tá an crann solais i bhfoirm ochtapus agus bolgáin beaga ceangailte feadh na hadharcáin. Tá bolgán mór ag deireadh gach adharcán cuartha.

Tá patrún de shoircanna agus de mhíolta móra priontáilte ar an gclúdach leapan. Léiríonn sraith de phriontaí ar an mballa scéal ÍONA AGUS AN MÍOL MÓR. Tá scáil an tseomra le feiceáil i scáthán chruinn atá os cionn an tinteáin. Is ó chlocha duirlinge a thagannn cuid den scéim datha agus bunaíodh na táipéis ar thonnta na mara. Tá iasc órga mór ag snámh timpeall i gciorcal i mbabhla bídeach. Gluaiseann an lacht sa lampa laibhe a cuireadh leis an bhfeistiú le déanaí, go mall ar feadh an lae agus ar feadh na hoíche.  Téann staighre bíse, cuid de shliogán ollmhór, suas go dtí an lochta lastuas, atá maisithe le go bhféachfaidh sé amhail is gur stiúideo le healaíontóir bocht i sean scannán nó in úrscéal méaldrámatach a bheadh ann.

Nuair atá gach rud scrúdaithe go géar ag Séamas glacann sé grianghrafanna de na cuairteoirí eile, a chuireann go radharcach leis an teach agus leis an ngáirdín mar gheall ar na héadaí ar leith atá á chaitheamh acu agus na tréithe ciníoch idirdhealaitheach atá acu. Marsin, tá na hIodáilí dea-chóirithe ó thionscail an fhaisean i gcodarsnacht le mí-eagar ealaíonta Gáirdín an Éagruth, atá díreach as radharc an tí. Tá Seapánaigh bídeacha, néata, bailithe le chéile timpeall ar an teallach atá i bhfoirm béal arrachtacha, roinnt greann á bhaint acu as. Cuireann na Meiriceánaigh arda atá ag caitheamh léinte páircíneacha agus brístí géine cuma níos taibhsí, níos osréalaí agus neamhdhealraitheach ar an seomra codlata sliogánach.

Bhain Séamas an-taitneamh as an gcuairt agus téann sé le seoid chuimhne a cheannacht dá THURAS LAE SAN OSRÉALACHAS. Tá macasamhail de na hearraí atá sa teach ar fáil sa siopa féiríní atá suite amuigh sa gháirdín. Is féidir leat macasamhaill de pháipéir balla agus de fhabraicí atá sa teach a cheannach. Is féidir tea-phota maisithe le móitífeanna sliogánacha agus vása maisithe le giotair a cheannach freisin. Tá cúpla sraith de chinn arrachtaí, béal-oscailte, mar thaispeántas san fhuinneog inniu.  Ní raibh sé i gceist agus níor samhlaíodh riamh go ndéanfaí an oiread mionshamhaileacha den teallach ollmhór seo - ina bhfuil tine á lasadh ag Gretta agus Cáit faoi láthair - nuair a déanadh coimisiúnú ar an saothar bunúil. Marsin féin is cinnte go mbaineadh an pátrún ealaíne greann as. Níl dabht ar bith ach go mbeadh sé sásta leis an dul chun cinn seo.....

## Roghnaigh <u>CEANN AMHÁIN</u> acu seo a leanas:

**1. <u>BRÓIDNÉIREACHT</u>:**

Dear móitíf bhróidnéirithe a bheadh oiriúnach do tháipéis chrochta bheag thart ar 30 cm x 30 cm   cearnach. Is féidir leis an móitíf a bheith bunaithe ar íomhá, ar mhóitíf nó ar théama ar bith atá sa sliocht tuairisciúil <u>NÓ</u> dear painéal bróidnéirithe do thosach gúna nó do chulaith stáite a bhfuil an péintéireacht de St. Celilia a luaitear sa sliocht tuairisciúil mar inspioráid aige.

**2. <u>FÍODÓIREACHT</u>**

**(a)** Dear teicstíl fíodóireachta, a bheadh oiriúnach d'úsáid san fhaisean, bunaithe ar na dathanna a luadh sa sliocht tuairisciúil. Is gá éagsúlacht fíocháin a úsáid i do dhearadh. Is gá na fíocháin seo a ainmniú i do réamhsceitsí.

**<u>NÓ</u>**

**(b)** Dear ruga urláir nó cairpéad a bheadh oiriúnach do sheomra ceoil atá maisithe i stíl osréalach. Bain feidhm as trí dhath ar a laghad a luadh sa sliocht tuairisciúil.

**<u>NÓ</u>**

**(c)** Dear táipéis bheag, ag baint úsáide as pointe tosaithe ó íomhá, ó mhóitíf nó ó théama ar bith as an sliocht tuairisciúil.
Cruthaigh codarsnacht 'sna huigeachtaí i do dhearadh.

**3. <u>CRIADÓIREACHT</u>**

Tóg pointe tosaithe as  íomhá, móitíf nó téama ar bith atá sa sliocht tuairisciúil agus dear  ceann acu seo:

**(a)** vása nó ábhar maiseach cheirmeach eile a bheadh oiriúnach do sheomra ceoil, cuir béim faoi leith ar uigeacht agus/nó ar mhaisiú  rilífe íseal.

**<u>NÓ</u>**

**(b)** bonn lampa maisithe le móitífeanna péint ghlónraithe bunaithe ar íomhá a chuireann an sliocht tuairisciúil id' cheann.

**<u>NÓ</u>**

**(c)** crann solais i bhfoirm ochtapus, mar a luaitear sa sliocht tuairisciúil.

**THALL →**

**4. LITREOIREACHT NÓ PEANNAIREACHT**

Dear fógra atá bunaithe ar íomhá, ar mhóitíf nó ar théama ar bith atá sa sliocht tuairisciúil
NÓ Ailtireacht Fhantaise NÓ "Fáilte go hAmharclann na mBrionglóidí"

**NÓ**

Más fearr leat píosa peannaireachta a dhéanamh, dear an t-eagar a bheadh ar phíosa de scríbhneoireacht pheannaireachta ar chuid ar bith den sliocht tuairisciúil a thaitníonn leat. Is féidir leat íomhánna, móitífeanna mhaisithe agus/nó focail thromchiallacha nó litreacha agus dath a úsáid i do dhearadh.

**5. LÍONÓILGHEARRADH AGUS PRIONTÁIL**

Déan dearadh a bheadh oiriúnach do phrionta bunaithe ar íomhá, ar mhóitíf nó ar théama ar bith atá sa sliocht tuairisciúil. Is cóir duit tomhais do phrionta a bhunú ar do rogha téama, agus is cóir úsáid a bhaint as ar a laghad trí dhath NÓ dear prionta bunaithe ar Íona agus an Míol Mór nó Staighre Bíse nó Aisteoirí ar an Stáite.

**6. FABRAICPHRIONTÁIL**

Bain úsáid as íomhá, as móitíf nó as téama ar bith atá sa sliocht tuairisciúil agus dear patrún a léiríonn gluaiseacht bhríomhar, fhuinniúil, a bheadh oiriúnach d'fhabraic chuirtín. Is féidir leat tabhairt faoi stíl an dearadh ar an mbealach traidisiúnta nó comhaimseartha NÓ dear patrún bunaithe ar dhuáin nó ar chnámha éisc, faoi mar atá sa sliocht tuairisciúil, a bheadh oiriúnach do pháipéar balla. Is féidir le do dhearadh a bheith oiriúnach do scáthphriontáil, do bhlocphriontáil nó do bhaitic nó do mheascán dóibh siúd.

**7. PUIPÉADACHT**

Dear puipéad de dheilbh ghléasta bunaithe ar cheann ar bith de na deilbh nó de na carachtair a luaitear sa sliocht tuairisciúil.

**8. LEABHARCHEARDAÍOCHT**

Ag baint úsáide as íomhá, as móitíf nó as téama ar bith atá sa sliocht tuairisciúil

**(a)** dear clúdach leabhair nó bileog cheangail do leabhar dárbh ainm "Ficsean go fírinne:Teach Osréalach".

**NÓ**

**(b)** dear clúdach leabhair nó bileog cheangail do leabhar dárbh ainm "Amharclann na mBrionglóidí".

**9. DEARADH FÓGRAÍOCHTA**

Dear póstaer nó cárta taispeántais ag baint úsáide as íomhá, as móitíf nó as téama ar bith atá sa sliocht tuairisciúil.

**NÓ**

Dear graificí a bheadh oiriúnach do chlár faisnéise teilifíse dárbh ainm "Áiteanna Osréalacha".

**NÓ**

Dear lógó d'eagraíocht chaomhnaithe dárbh ainm " Comhlacht Oidhreachta Ailtireachta na hÉireann".

**10. MÚNLÓIREACHT agus SNOÍODÓIREACHT**

Agus úsáid á bhaint agat as as íomhá, as móitíf nó as téama ar bith atá sa sliocht tuairisciúil, dear dealbhóireacht saorsheasmhach NÓ dear dealbhóireacht saorsheasmhach dár teideal "Coilm" nó "An Aisteoir/Banaisteoir". Taispeáin do dhearadh dealbhóireachta ó ar a laghad dhá thaobh éagsúil. Luaigh na hábhair agus an chríoch a shamhlaíonn tú dod' dhealbhóireacht, agus luaigh an suíomh a shamhlaíonn tú don dealbhóireacht.

**11. FEISTIS STÁITE**

Agus úsáid á bhaint agat as as íomhá, as móitíf nó as téama ar bith atá sa sliocht tuairisciúil dear ceann amháin acu seo a leanas:

**(a)** feisteas stáite
**(b)** cúlbhrat agus cultacha stáite
**(c)** feisteas stáite agus cultacha stáite

Is cóir duit dath, soilsiú agus ábhair a chuir san áireamh i do dhearadh. **Tabhair faoi deara nach bhfuil aon cheist ann ar chultacha stáite amháin.**

**NÓ**

Dear feisteas stáitse do chlár drámaíochta teilifíse bunaithe ar aon cheann de na seomra a luaitear sa sliocht tuairisciúil. Is cóir duit dath, soilsiú agus ábhair a chuir san áireamh i do dhearadh.